


TAISCE TUISCEANA




Ainmhithe sa Choill



iora rua




cnó



gráinneog



sionnach



dealga

An Fiosraitheoir

TASC 1:

Cé acu ainmhí is fearr leat, an t-iora rua, an ghráinneog nó an sionnach? Cén fáth?

TASC 2:

Cónaíonn an t-iora rua sna crainn.
Ainmnigh 5 rud eile a chónaíonn
sna crainn.



Ainmhithe sa Choill

Tá **iora rua** ina chónaí i gcrann sa choill. Tá sé réasúnta beag agus tá eireaball fada air. Itheann sé **cnónna**. Bailíonn sé iad san fhómhar mar ní bhíonn bia ar bith ann sa gheimhreadh.

Tá **gráinneog** ina cónaí sa choill freisin. Cónaíonn sí i bpoll faoin talamh. Tá sí réasúnta beag. Itheann sí ainmhithe eile atá an-bheag. Itheann sí froganna beaga, seilidí agus feithidí.

Cónaíonn **sionnach** sa choill chomh maith. Tá eagla ar an ngráinneog roimh an sionnach. Is fuath léi an sionnach mar itheann sé gráinneoga! Ní féidir leis an ngráinneog siúl ná rith go tapa ach tá **dealga** ar a droim. Nuair a fheiceann sí an sionnach ag teacht, cuireann sí na dealga ina seasamh. Ní féidir leis an sionnach í a ithe ansin!



Ceisteanna

- 1. Cén áit a gcónaíonn an t-iora rua?**
 - (a) Ar an bhfeirm
 - (b) I gcrann
 - (c) San uisce
- 2. Cad é an bia is fearr leis an iora rua?**
 - (a) Úlla
 - (b) Feoil
 - (c) Cnónna
- 3. Cén áit a bhfuil an ghráinneog ina cónaí?**
 - (a) I gcrann
 - (b) Faoin talamh
 - (c) Faoin uisce
- 4. Cé acu atá fíor?**
 - (a) Itheann an ghráinneog cnónna
 - (b) Itheann an ghráinneog crainn
 - (c) Itheann an ghráinneog seilidí
- 5. Tá eagla ar an ngráinneog roimh an sionnach mar:**
 - (a) itheann an sionnach ioraí rua.
 - (b) itheann an sionnach gráinneoga.
 - (c) itheann an sionnach na crainn.
- 6. Cén fáth a gcuireann an ghráinneog a dealga ina seasamh?**
 - (a) Ní féidir le hainmhithe eile í a ithe ansin
 - (b) Tá siad deas
 - (c) Le cabhrú léi rith

